

## MUILEANN COIRCE LEITIR, CILL CHARTHA

Ba le linn réime an thiarna talaimh Murray Stewart a tógadh muileann Coirce, Leitir, Cill Chartha i dtrátha na bliana 1863. Sin an dáta ar cuma ar bith atá ar an bró uachtar mine de French Burr a rinneadh i Learpholl Shasana.

Bhí muileann beag Coirce ar an láthair céanna roimhe sin ar le fear dar b'ainm John Gallagher é. Níl fhíos agam caidé an socrú a rinneadh le John ach gur díoladh pasáistí do fhéin agus a dheirfiúr go meiriceá.

Cheannaigh na Musgraves as Béal Feirste estát Murray Stewart i dtrátha na bliana 1867 agus ba leofa an muileann Coirce ansin. Ba ar an Sráth Bán a rinneadh an t-innealra uilig.

Fear dar b'ainm McDaid a raibh muileann aige fhéin in inbhear a chuir tús leis an muilteoireacht sa mhuileann úr, ach ní raibh sé i bhfad ann. Thainig John McMullan ansin ó'n Bhroclais, áit a raibh a athair ag muilteoireacht. Phós John Catherine McGinty as Baile Ára, na Cealla Beaga í mí na Samhna 1868 agus chuaigh siad 'na gcónaí i dteach an mhuilinn a tógadh an t-am céanna leis an mhuileann. Ghlac John an muileann ar chúis ó na Musgraves.

Thigeadh siadsan an uile bhliain cearthar acú ar chóiste dhá chapall, leis an chúis a thógáil agus scrudú a dhéanamh ar a sealuchas agus scrudú géar, hinneadh damh. Théadh siad isteach ansin go dtí an Lodge ar an Chloch, an Charraig ar laethe saoire. I 1869 thóg siad teach ósta Ghleann Cholm Cille ar an Charraig agus bhí an teach ósta sin iomráiteach ar fud na hEorpa. Dóigheadh an Lodge agus an teach ósta go mailtseach le linn na dtrioblóidí i 1920.

Le cumhacht uisce ó Abhainn Ghleann Eadra a d'oibr an muileann. Bhí caraigh trasna na habhanna tuairim is 300 meadar thuas ó'n mhuileann. Leig an caraigh sin sruth uisce isteach ó'n abhainn a bhí ag gabháil síos go dtí an damba a bhí le taobh an mhuileann. Bhí comhla idir an caraigh agus an sruth agus ceann eile san damba leis an uisce a rialú. Nuair a leigtí an tuisce ar an roth uisce théadh an tinnealra le hobair.

Ag freastal ar fheirmeoirí paróistí Chill Chartha, Ghleann Cholm Cille, na Cealla Beaga agus cuid de pharóiste Ard a Rátha is mo a bhí an muileann. Nuair a bhí daoine ag teacht le coirce, bhí ortha móin a thabhairt leo comh maith, leis an coirce a

thriomú. Spreightí an coirce ar urlár de phlátaf iarainn polltach théadh an teas agus an toit suas fríd na poill sin, fríd an coirce a bhí le tiontú cúpla uair. Chaiff an teine a rialú comh maith le gan barraíocht teas a leigeán ar na plátaf. Bhí an coirce réidh ansin le gabháil fríd na brónna scilligtheá leis an scileach a bhaint de. Chuaigh sé fríd na brónna mine ansin agus an criathar. Bhí sé in a mhín chruaidh ghil ansin réidh le tabhairt abhaile. Bhí an muilteoir le díol de réir meachan na mine.

Séisear mac agus ceathrar nionacha a bhí ag John agus Catherine McMullan. Phós beirt de na nionacha agus phós mé fhéin Joan Garvey nion le bean acu. D'fhan an dá nion eile i mbun a'tí. Chuaigh na fir a bhí iomráiteach mar siúinéirí ag tógáil tithe agus scoltacha ach chuaigh an bheirt a ba sine ar imirce go hóg agus lean an ceathrar eile don conraitheoireacht. Bhí ceardlann tógtha acu faoi seo agus beirt siúinéirí fostaithe acu ag obair sa cheardlann. Peter a ba sine anois a bhí 'na cheann ar an obair.

Thóg siad scoltacha ó Mhín na Croise, Gleann Cholm Cille go Baile Mhíochil, Ceann Fhanada agus ó Árainn Mhór go dtí an Logán.

D'obair siad in Ómhaigh agus i Léim a' Mhadaidh. Thóg siad tithe beaga do Chomhairle Chondae Dhún na nGall ar an Bhrocaigh, na Cealla Beaga agus ochdéag acu i gCeann Thiar Bun Dobhráin, £60 an ceann - an eochair sa doras mar a deirtear - a bhí siad sin. D'fhan an fear a b'óige sa bhaile de gnách ag cuidiú le na athair sa mhuileann agus sa cheardlann. Bhí sé ag pheanáil leictreachas a ghiniúint agus innealra a chur isteach leis an masla a bhaint as an adhmadoireacht agus le Baile Chill Chartha a losadh. Bhí an uile rud ag gabháil ar aghaidh boise, ach ní mar síltear bitear. Bhuail an eitinn duine de na fir agus idir 1919 agus 1922 bhí triúr acu agus an t-athair marbh. Thit an tóin as na gnaithí uilig.

Peter an t-aon duine amháin de na fir a bhí sa bhaile anois. Chuir sé deireadh leis an chonraitheoireacht leis an méadú a chuir sé le sean-scoil náisiúnta i Mhín an Aodhaire i 1925. Choinnigh sé an muileann ag gabháil agus chuaigh sé i gcionn na h-adhmadoireachta, mar a rinne a athair roimhe, ag déanamh cáirteacha agus rothaf, fuinneogaí, doirse, baill troscáin, cónraí agus uile. Bhí an éileamh air as comh h-achmair is a bhí sé leis an obair. Cónraí de

adhmaid geal cumhdaithe le éadach dúbh a bhí ann sul a dtainig saol na gcónraí buí. Rud amháin a rinne an tseanmhuilteoir, gur chuir sé isteach sa mhuileann treallamh le min bhúf a dheanamh. Tá cuid den treallamh ansin go fóill ach ní fhaca Peter é ag obair ariamh. Cheannaigh Peter an muileann nuair a bhí sé i mbarr a réinne, ó Henry Musgrave i 1913. Níor phós sé

ariamh, nó duine ar bith de na fir, ach an fear a bhí i Meiriceá nach raibh clann ar bith aige. Dinnis Peter damh gurab é an duine deireannach de aonar ghlún déag mhuilteoirí agus siúinéirí de chlann McMullan arb as de réir mo chuimhne - ceantar Fionntamhnach, Co. Thír Eoghain ó thús díofa. D'éag Peter ar a 1-11-1953.

Tógadh Seán Garvey garnia le Peter sa

mhuileann á bhí sé ceithre bliain d'aois agus nuair a tháinig am dó bhí sé ag obair sa mhuileann agus ag déanamh achan rud gur imig sé ag obair agus gur phós sé.

Tháinig mé fhéin mo chómhnaí go teach a'mhuilinn tar éis pósadh damh. D'obair mé an muileann mé fhéin an bhliain deireannach a d'obair sé. Stad sé i mí an Aibreáin 1954. Nach mór an t-athrú é ó'n

am a raibh sé mar cheap na tire.

Tá an muileann 'na luí anois mar stad sé, gan a thabhairt san áireamh an meath atá ag teach air, bliain indhiaidh na bliana. Tá bail mhaith go leor air go foill ach ní mhairfidh sé a choíche.

Colm Mac a'Bháird.

20-12-1993.



Cuireadh an Alt, *Muileann Coirce Leitir, Cill Chartha* i g-cló sa *Liag* i Mí Iúil 1998. Is é Colm Mac a' Bháird, nach maireann, An Charraig agus Leitir a scríobh é. Is le Pádraig Mac Briartaigh an griangraf agus fuair mise é gan a chead ar Facebook. S.Ó.G.